II

(Gníomhartha neamhreachtacha)

RIALACHÁIN

RIALACHÁN (CBES) 2021/251 ÓN gCOMHAIRLE

an 18 Feabhra 2021

lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 314/2004 maidir le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa tSiombáib

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 215 de,

Ag féachaint do Chinneadh (CBES) 2021/258 ón gComhairle an 18 Feabhra 2021 lena leasítear Cinneadh 2011/101/CBES maidir le bearta sriantacha áirithe i gcoinne na Siombáibe ([1]),

Ag féachaint don togra comhpháirteach ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála agus ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (CE) Uimh. 314/2004 ón gComhairle ([2]), tugtar éifeacht do roinnt beart dá bhforáiltear le Cinneadh 2011/101/CBES ón gComhairle ([3]), lena n-áirítear reo cistí agus acmhainní eacnamaíocha daoine agus eintiteas ainmnithe i bhfianaise na staide sa tSiombáib.

(2) An 18 Feabhra 2021, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2021/258, lena mbaintear duine amháin de liosta na ndaoine agus na n-eintiteas atá faoi réir bearta sriantacha agus lena leasaítear na hiontrálacha a bhaineann le beirt ar an liosta sin, mar a leagtar amach in Iarscríbhinní I agus II, faoi seach, a ghabhann le Cinneadh 2011/101/CBES.

(3) An 17 Feabhra 2021, le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/253 ón gCoimisiún ([4]) leasaíodh Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 314/2004 dá réir sin. Chun duine a bhaint de liosta na ndaoine agus na n-eintiteas atá faoi réir bearta sriantacha, is gá é a bhaint d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 314/2004 freisin, ina liostaítear na daoine agus na heintitis a cuireadh ar fionraí ó bhearta sriantacha de bhun Airteagal 6(4) den Rialachán sin.

(4) Ba cheart Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 314/2004 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 314/2004 mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

([1]) Féach leathanach 51 den Iris Oifigiúil seo.
([2]) Rialachán (CE) Uimh. 314/2004 ón gComhairle an 19 Feabhra 2004 maidir le bearta sriantacha áirithe i gcoinne na Siombáibe (IO L 55, 24.2.2004, lch. 1).
([3]) Cinneadh 2011/101/CBES ón gComhairle an 15 Feabhra 2011 maidir le bearta sriantacha i gcoinne na Siombáibe (IO L 42, 16.2.2011, lch. 6).
([4]) Féach leathanach 15 den Iris Oifigiúil seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 18 Feabhra 2021.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
A. P. ZACARIAS

IARSCRÍBHINN

In Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 314/2004, scriostar an iontráil seo a leanas:

"4. Shiri, Perence (dá ngairtear Bigboy freisin) Samson Chikerema".